Iúil 2016/QG5-V2 © QQI

Earnáil-shonrach

# Treoirlínte Reachtúla ar Dhearbhú Cáilíochta

## arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ar son Institiúidí Teicneolaíochta

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLAR


1 Réamhrá ..... 2

1.1 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo? ..... 2

1.2 Cé lena mbaineann siad? ..... 2

2 Raon Feidhme Gnásanna um Dhearbhú Cáilíochta ..... 3

3 Tagairtí Eorpacha ..... 4

4 Taighde ..... 5

5 Freagrachtaí na bhForas Cáiliúcháin ..... 6

5.1 Tarmligean an údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh ..... 6

6 Caighdeáin agus Dámhachtainí ..... 7

6.1 Gnásanna deimhniúcháin ..... 7

7 Páirtithe eile atá bainteach le hoideachas agus oiliúint ..... 8

# 1 RÉAMHRÁ

Forlíonann na treoirlínte reachtúla, earnáil-shonracha, dearbhaithe cáilíochta (DC) do bhoird oideachais agus oiliúna na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta atá infheidhmithe do gach soláthraí. Cé go soláthraíonn na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta an chuid is mó den treoir um dhearbhú cáilíochta a theastaíonn, cuireann na treoirlínte earnáil-shonracha seo leis na croí-threoirlínte trí dhíriú ar fhreagrachtaí sonracha na mbord oideachais agus oiliúna (BOOnna) mar atá siad leagtha amach san Acht Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) (Acht 2012).

Ba cheart do LABanna tagairt a dhéanamh freisin do threoirlínte DC eile atá sainiúil do thopaic QQI, de réir mar is cuí.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Leagtar amach sna treoirlínte seo treoirlínte breise reachtúla um dhéarbhú cáilíocht a bhaineann go sonrach le boird oideachais agus oiliúna. Díríonn na treoirlínte breise DC seo ar fhreagrachtaí na n-institiúidí teicneolaíochta i gcomhthéacs údaráis a tharmligtear chun dámhachtainí a dhéanamh. Dírítear iontu, leis, ar na hinstitiúidí teicneolaíochta mar institiúidí ardoideachais a bhfuil taithí acu agus atá ag féachaint lena gcóras dearbhaithe cáilíochta inmheánach a fheabhsú agus a bhreisiú go leanúnach.

## 1.2 CÉ LENA MBAINEANN SIAD?

Baineann na treoirlínte seo le hinstitiúidí teicneolaíochta, seachas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

# 2 RAON FEIDHME NA NGNÁSANNA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Is é an beartas náisiúnta ná gur gnásanna cuimsitheacha a bheadh sna gnásanna dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí i gcás na mbord oideachais agus oiliúna. Ciallaíonn sé seo go gclúdóidh gnásanna dá leithéid **gach** cineál oideachais agus oiliúna, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara in institiúidí teicneolaíochta (ITanna). Ba chóir go dtuigfí go gcuimsítear leis seo gach clár oideachais is cuma cé acu an leanann dámhachtainí sa CNC nó dámhachtainí (singil agus/nó comhpháirteacha) de chuid comhlachtaí dámhachtana eile astu nó nach leanann. Clúdóidh gnásanna freisin ceadú, monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na ngnásanna um dhearbhú cáilíochta agus socruithe soláthraithe eile a bhfuil baint acu le dámhachtainí IT a dhéanamh.

I dteannta agus mar chuid dhílis d'athbhreithniú tréimhsiúil rialta ar chláir staidéir (nó trína gcuimsiú), ba cheart d'institiúidí teicneolaíochta a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtainí a dhéanamh meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhísí acadúla, riaracháin agus seirbhísí gaolmhara agus in aonaid amhail scoileanna, dámha agus coláistí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tabhairt faoi

athbhreithnithe téamacha ar shaincheisteanna uile-institiúide mar chuid den mheastóireacht leanúnach ar sheirbhísí acadúla, riaracháin agus eile.

Is féidir leis na bearta cáilíochta sainráite a shamhlaítear faoi na *Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta sa Réimse Ardoideachais Eorpach, Bealtaine 2015 (ESG)* maidir le ceadú, monatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil ar chláir staidéir; tacaíochtaí agus oiliúint don fhoireann teagaisc agus aiseolas rialta ó mhic léinn agus gnásanna gearáin; Is féidir le meicníochtaí seanbhunaithe ar nós an chórais scrúdaitheora sheachtraigh agus feidhmeanna taighde institiúideacha agus pleanála straitéisí cur go mór le cáilíocht.

Ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil ar cháilíocht a thuiscint i gcomhthéacs raon meicníochtaí eile in institiúidí ardoideachais, a gcaithfidh siad idirghníomhú leo agus a gcaithfidh siad tacú leo má tá siad le bheith lánéifeachtach. Ba cheart cur chuige comhtháite institiúideach i leith feabhsú cáilíochta a bheith dírithe ar dheireadh a chur le dúbláil neamhriachtanach,

an t-ualach a laghdú, agus, níos tábhachtaí fós, sineirgíocht a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh tairbhí agus deiseanna do na hinstitiúidí le sonrú ar chur chuige den sórt sin chun éifeachtacht a gcóras agus a ngnásanna a thástáil d'fhonn feabhsú leanúnach a dhéanamh; dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh; dúshláin agus réimsí le feabhsú agus an tslí le díriú orthu a aithint; eispéireas an mhic léinn a fheabhsú; agus feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach agus eile mar is cuí.

# 3 TAGAIRTÍ EORPACHA

Tagann gealltanais Eorpacha na hÉireann ónár mballraíocht san Aontas Eorpach (AE) agus ónár rannpháirtíocht i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Tá na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG), Bealtaine 2015, mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo. Tabharfaidh institiúidí teicneolaíochta aird freisin ar aon chaighdeáin, treoirlínte, treoracha, beartais nó gealltanais pholaitiúla Eorpacha arna nglacadh go náisiúnta. Áirítear le samplaí de ghealltanais Eorpacha den sórt sin an Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint, Lámhleabhar ECTS 2015 agus an Cur Chuige um Dhearbhú Cáilíochta na gComhchlár, Deireadh Fómhair, 2014, ach níl siad teoranta dóibh - forlíonann siad seo *Beartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí, 2012.*

# 4 TAIGHDE

Tá an institiúid teicneolaíochta freagrach as córas comhtháite dearbhaithe cáilíochta a eagrú maidir lena gníomhaíochtaí taighde. Ba cheart go gcuirfeadh siad seo leis na piarmheicníochtaí athbhreithnithe a úsáidtear go forleathan i maoiniú agus i bhfoilsiú taighde agus go n-ionchorprófaí méadrachtaí ábhartha iontu. Ba cheart go gcomhlánódh siad sin na gnásanna sonracha a cuireadh i bhfeidhm chun cáilíocht oideachas agus oiliúint taighde agus beartas náisiúnta a bhaineann le creidiúnú céimeanna dochtúireachta trí thaighde faoi údarás tarmligthe a dhearbhú.

# 5 FREAGRACHTAÍ NA BHFORAS CÁILIÚCHÁIN

Tá na treoirlínte infheidhme maidir le hinstitiúidí teicneolaíochta mar fhorais cháiliúcháin neamhspleácha ina gcáil féin (faoi tharmligean údaráis ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh), atá freagrach as a gcláir oideachais agus oiliúna féin, taighde agus seirbhísí gaolmhara agus as aon chláir a thairgtear i gcomhar le soláthraithe eile as a leanann dámhachtainí a dhéanann na hinstitiúidí.

Ceanglaítear ar BOOnna féachaint do na croí-threoirlínte reachtúla um dhearbhú cáilíochta agus do na treoirlínte dearbhaithe cáilíochta earnáil-shonracha seo agus:

- a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú, á n-athnuachan agus á n-athbhreithniú; agus
- measúnú á dhéanamh ar ghnásanna um dhearbhú cáilíochta soláthraithe nó comhpháirtithe eile a bhfuil siad ag obair leo chun cláir as a leanfaidh a ndámhachtainí féin nó comhdhámhachtainí a sheachadadh.

## 5.1 TARMLIGEAN AN ÚDARÁIS CHUN DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH

Tá tarmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh faoi réir na gceanglas atá leagtha amach sa reachtaíocht, lena n-áirítear gnásanna agus critéir. Tá ag institiúidí teicneolaíochta:

a) Gnásanna láidre i bhfeidhm chun cláir a cheadú. Gheofar treoir bhreise ar cheadú clár sa *Chroí-Bheartas agus na Critéir maidir le Bailíochtú Cláir Oideachais agus Oiliúna ag QQI.*

b) Gnásanna láidre i bhfeidhm maidir le measúnú foghlaimeoirí, gnásanna a comhaontaíodh i gcoinbhinsiúin agus i bprótacail earnála atá doiciméadaithe i *Measúnú agus Caighdeáin, 2013*.

c) Aird chuí ar an gcur chuige um dhearbhú cáilíochta agus do threoirlínte maidir le céimeanna taighde ag Leibhéal 9 den CNC mar atá leagtha amach sna Prótacail Earnála maidir le Dámhachtain Mháistreachta trí Thaighde ag Leibhéal 9 den CNC faoi údarás tarmligthe ó QQI.

d) Aird chuí ar an gcur chuige um dhearbhú cáilíochta agus ar threoirlínte maidir le comhdhámhachtainí a dhéanamh faoin CNC, mar atá leagtha amach sna ***Prótacail*** *Earnála chun Údarás a Tharmligean ó QQI chuig na hInstitiúidí Teicneolaíochta chun Comhdhámhachtainí a dhéanamh, Bealtaine 2014*.

Féadfar gnásanna a oiriúnú de réir mar is gá i gcomhthéacs cumascadh, cónascadh agus comhaontuithe straitéiseacha idir institiúidí agus forais cháiliúcháin ainmnithe.

# 6 CAIGHDEÁIN AGUS DÁMHACHTAINÍ

Ceanglaítear ar institiúidí teicneolaíochta gnásanna a bhunú lena chinntiú:

- Faigheann foghlaimeoirí atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC an caighdeán eolais, scile nó inniúlachta a bhaineann le leibhéal agus cineál dámhachtana na dámhachtana sin sa CNC.
- Comhlíonann gach dámhachtain de chuid institiúid teicneolaíochta na caighdeáin náisiúnta arna mbunú ag QQI.
- I gcás gach cláir:
  - comhlíonann cláir do ghairmeacha rialaithe caighdeáin chreidiúnaithe an fhorais cháiliúcháin aitheantais ghairmiúil lena mbaineann.
  - leanann dámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC as gach clár a thairgtear as a leanann dámhachtainí ó fhorais cháiliúcháin eile.

## 6.1 GNÁSANNA DEIMHNIÚCHÁIN

Ba cheart d'institiúidí teicneolaíochta gnásanna a bhunú chun dámhachtainí a dheimhniú agus chun taifid a choinneáil ina gcáil mar fhorais cháiliúcháin. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na gnásanna seo maidir le gach dámhachtain a dhéanann institiúidí teicneolaíochta. Féachfar sna gnásanna seo do:

- Leibhéal dámhachtana, aicme agus cineál na dámhachtana sa CNC, lena n-áirítear tagairtí do luach iomlán creidiúna na dámhachtana.
- Tagairtí eile dá leithéid a éascaíonn cur i bhfeidhm an CNC, amhail an Forlíonadh Dioplóma Eorpach.

# 7 PÁIRTITHE EILE ATÁ BAINTEACH LE HOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Tagraíonn an chuid seo do dhearbhú cáilíochta i gcás comhoibriú le soláthraithe eile. Ní mór gnásanna a bheith ag institiúidí teicneolaíochta chun socruithe comhoibrithe a cheadú le soláthraithe eile agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe sin. Ba cheart d'institiúidí teicneolaíochta dícheall chuí a chur i bhfeidhm agus a bheith feasach ar aon riosca dá ndea-cháil féin agus do dhea-cháil na hearnála agus/nó an chórais náisiúnta cáilíochtaí a ghabhann le soláthraithe ionchasacha ar leith a bhfuil siad ag smaoineamh ar shocruithe comhoibrithe a dhéanamh leo.

Ba cheart d'institiúidí teicneolaíochta féachaint go cuí do na socruithe dearbhaithe cáilíochta atá leagtha amach i *mBeartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Dámhachtainí Comhpháirteacha (Athbhreithnithe 2012).*

> Seo a leanas achoimre ar na réimsí táscacha ar cheart d'institiúidí teicneolaíochta a chur san áireamh agus iad ag cinneadh ar cheart dóibh socrú comhoibríoch a dhéanamh le soláthraí eile nó nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu leanúint ar aghaidh le socrú comhoibríoch atá ann cheana féin le soláthraí eile.

**1) Ceanglais dlí, clú agus comhlíontachta**

- An eintiteas dlíthiúil é an soláthraí, a bhfuil oideachas agus oiliúint mar phríomhfheidhm aige?
  - An duine dlítheanach atá sainaitheanta go soiléir é an t-eintiteas dlíthiúil, a bhfuil cearta agus freagrachtaí dlí air?
- An bhfuil forais atá spleách air, socruithe comhoibrithe, oibleagáidí, a mháthair-eagraíochtaí agus a fho-chuideachtaí dá chuid sonraithe go soiléir ag an soláthraí?
- An bhfuil aon chaidreamh agus comhpháirtíochtaí tríú páirtí dearbhaithe ag an soláthraí?
- An gcomhlíonann an soláthraí rialacháin agus reachtaíocht infheidhme i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn sé?
- An bhfuil seasamh maith ag an soláthraí sna córais cháilíochtaí agus sna córais oideachais agus oiliúna in aon dlínsí ina bhfeidhmíonn sé (nó ina n-oibríonn a máthair-chuideachtaí nó a fhochuideachtaí) nó ina gcláraíonn sé foghlaimeoirí, nó ina bhfuil socruithe aige le forais cháiliúcháin, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cáilíochtaí, aireachtaí oideachais agus oiliúna, forais ghairmiúla agus rialtóirí?

**2) Ceanglais acmhainní, rialachais agus struchtúracha**

- An bhfuil an soláthraí cobhsaí agus i riocht maith airgeadais?
- An bhfuil cás gnó réasúnta ag an soláthraí maidir le soláthar inbhuanaithe?
- An bhfuil struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta atá oiriúnach don fheidhm ag an soláthraí?

- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don institiúid teicneolaíochta?
- An bhfuil an cumas ag an soláthraí oideachas agus oiliúint a sheachadadh arna léiriú ó thaithí agus i gcuntas teiste ó thaobh cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar?
- An bhfuil acmhainní dóthanacha chomh maith le córais dearbhaithe cáilíochta corparáideacha, struchtúracha agus inmheánacha ag an soláthraí, chun cláir oideachais agus oiliúna, a cuireadh isteach le haghaidh clárcheadú chuig an institiúid teicneolaíochta, a sholáthar go hinbhuanaithe?

**3) Riachtanais ó thaobh cláir a fhorbairt agus a sholáthar**

- An bhfuil cumas léirithe ag an soláthraí ó thaobh cláir a dhearadh, a fhorbairt, a sholáthar agus a athbhreithniú de réir mar is cuí agus cloí leis na coinníollacha caighdeánacha atá sonraithe ag an institiúid teicneolaíochta maidir le ceadú clár?
- An bhfuil líon foirne oideachais agus oiliúna ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm agus cobhsaí?
- An bhfuil áitreabh, saoráidí agus acmhainní ag an soláthraí atá oiriúnach don fheidhm?
- An bhfuil struchtúir agus acmhainní ag an soláthraí chun bheith mar bhonn taca le measúnú cothrom comhsheasmhach ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí?
- An bhfuil socruithe ag an soláthraí chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint?

**4) Athruithe suntasacha ar riachtanais**

Ar chuir an soláthraí aon athruithe suntasacha ar na ceanglais atá leagtha amach in 1 go 3 thuas in iúl don institiúid teicneolaíochta?

Féadfaidh institiúidí teicneolaíochta roghnú glacadh leis na treoirlínte seo a leanas dá soláthraithe comhoibríocha, Treoirlínte Earnáil-Shonracha QQI um Dhearbhú Cáilíochta, Treoirlínte Reachtúla DC do Sholáthraithe Neamhspleácha/Príobháideacha a thagann chuig QQI ar bhonn deonach, Aibreán 2016.